



INTO Intercultural Guidelines for Schools
Treoirlínte Idircultúrtha CMÉ do Scoileanna



Valuing Difference • Combating Racism
Promoting Inclusiveness and Equality

*An Difríocht a Chobú • An Ciníochas a Chombrac
Cuimsitheacht agus Comhionannas a Chur Chun Cinn*



Buíochas

Ba mhaith le CMÉ rannpháirtíocht luachmhar na ndaoine seo a leanas a dhearbhú: Maura Brennan agus Anne McCluskey, a chur go mór le forbairt na dtreoirlínte i dteannta na ndaoine eile ar an bhfoireann deartha, Max Cannon, Mary Garrett, Frank O'Meara, Marianne Ryan agus Anne Thornton; Iwa Sebit, ARASI; Catherine Lynch, NCCRI; Catherine Joyce, Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann agus Jennifer Rylands, Seirbhís Shíceolaíoch do Theifigh agus do Lucht Lorgtha Tearmainn, as a rannpháirtíocht thábhachtach agus Gerry Kelly ar dhear a rang *Cairt na Scoile i gCoimne an Chintíochais*

Ba mhaith le CMÉ rannpháirtíocht airgeadais a rinne an Clár Náisiúnta Feasachta Frith-Chiníochais, Foras na Gaeilge agus Comhar Linn i leith fhoilsiú na dtreoirlínte a dhearbhú chomh maith.

Tá buíochas ag dul freisin do rannpháirtíocht Iar-Uachtarán CMÉ Dónal Ó Loingsigh agus Coiste Comhionannais CMÉ.

Ar deireadh thiar is mian le CMÉ buíochas a ghlacadh leis na hoifigigh ar fad agus gach duine den fhoireann sa Cheann-Oifig in ullmhú agus i bhfoilsiú na dtreoirlínte agus go háirithe do Shíle Chuinneagáin a stiúraigh agus a chomhordaigh deardh agus tiomsú na dtreoirlínte.

Acknowledgements

The INTO would like to acknowledge the valuable contributions of the following people: Maura Brennan and Anne McCluskey who, along with the other members of the design team Max Cannon, Mary Garrett, Frank O'Meara, Marianne Ryan and Anne Thornton, contributed enormously to the development of the guidelines; Iwa Sebit, ARASI; Catherine Lynch, NCCRI; Catherine Joyce, Irish Traveller Movement and Jennifer Rylands, Psychology Service for Refugees and Asylum Seekers, for their important contributions and Gerry Kelly whose class devised the *School Charter Against Racism*

The INTO also wishes to acknowledge the financial contributions made by The National Anti-Racism Awareness Programme, Foras na Gaeilge and Comhar Linn towards the publication of the guidelines.

The contributions of INTO Ex-President Dónal Ó Loingsigh and the Equality Committee are also acknowledged.

Finally the INTO wishes to thank all the officials and staff in Head Office who were involved in the preparation and publication of the guidelines and in particular Síle Chuinneagáin who directed and co-ordinated the design and compilation of the guidelines.

Foreword

Ireland is increasingly becoming a multicultural, multiracial society, forcing us to examine our attitudes both towards ourselves and towards the ethnic minority groups in our communities. We may well ask ourselves are we still the Irish of a thousand welcomes or is there such a deep undercurrent of racism in our society that we find it difficult to accept diversity of race or different beliefs and lifestyles. Attacks on members of ethnic minorities on our city streets serve to highlight the need for us, as a nation, to strengthen our actions in the fight against racism by developing a deeper sense of community amongst all our citizens, irrespective of ethnic, religious or cultural differences.

In order to develop a multicultural society, we must confront our own value stances – the ideologies, prejudices and attitudes which, when combined together, sow the seeds of exclusion and separatism. Experiences elsewhere suggest that racism can move from blatant and overt action to more subtle and covert manifestations based on the non-acceptance of difference.

Education holds the key to developing an inclusive society where social diversity and cultural differences can be respected, promoted and practised. Schools are important places for the foundation of attitudes. Children are influenced by the accepted modes of behaviour and attitudes that permeate the schools. As teachers we impart, often unconsciously, our values and beliefs to the children under our care. It is important for us, therefore, to practice tolerance and respect, not alone in our schools, but also in the wider community. Intercultural education enables children to form positive attitudes and to learn to respect cultural difference. Schools that reflect and affirm diversity of cultures, ethnicity and religious background will help children from ethnic minorities to feel valued, accepted and supported.

In the context of a changing Irish society, it is very important that all schools have in place policies and procedures which reflect an intercultural outlook. These guidelines reflect good practice which can be developed and expanded by individual schools. I am delighted to endorse the proposals contained in this document and to congratulate all concerned in their production.

Réamhfhocal

Tá Éire ag éirí níos mó agus níos mó ina sochaí ilchultúrtha, ilchínióch agus ag cur iachall orainn ár ndearcadh inár leith féin agus i leith na ngrúpaí a bhaineann le grúpaí mionlach eitneach inár gcuid pobal a scrúdú. D'fhéadfaimis an cheist a chur an muid fós Éire na gcéad míle fáilte nó an bhfuil bonnshreabh ciníochais chomh láidir sin sa tsochaí atá againn go bhfuil sé deacair againn glacadh le héagsúlacht ciníocha, nó éagsúlacht creidimh agus stíleanna beatha. Léiríonn ionsaithe ar mhionlaigh eitneacha ar shráideanna ár gcuid cathracha an gá atá againn mar náisiún ár gcuid gníomhartha a neartú chun cur in aghaidh an chiníochais trí thuiscint níos doimhne ar phobal i measc ár gcuid saoránach a fhorbairt, cibé difríocht eitneach, creidimh nó cultúir a bhíonn i gceist.

Chun sochaí ilchultúrtha a fhorbairt ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar ár gcuid seasamh luachanna féin – na hidé-eolaíocháí, na claonta agus na dearcaí a chuireann, nuair a chuirtear le chéile iad, síol an eisiachais agus an dealaithe amach. Tugann an taithí a fuarthas in áiteanna eile le tuiscint gur féidir leis an gciníochas gluaiseacht ó ghníomh neamhbhalbh borb go dtí léirithe níos caolchúisí agus níos foláí bunaithe ar neamhghlacadh le difríocht.

Is san oideachas atá an phríomheochair maidir le sochaí uilechuimsitheach a fhorbairt, sochaí ina mbeidh meas ar éagsúlacht shóisialta agus ar dhifríochtaí cultúir, ina ndéanfar iad a chur chun cinn agus a chleachtadh. Is áiteanna tábhachtacha iad scoileanna chun bunraith a chur faoi dhearcaí. Bíonn tionchar ag na modhanna iompair a mbíonn glacadh leo agus a bhíonn fairsing sa scoil ar leanaí. Mar mhúinteoirí roinnimid, go neamhchoinsiasach go minic, ár gcuid luachanna agus gach a gcreidimid leis na leanaí a bhíonn faoinár gcúram. Tá sé tábhachtach, mar sin, go gcleachtaimidne caoinfhulaingt agus meas, ní hamháin in ár gcuid scoileanna ach sa phobal níos leithne. Cuireann oideachas idirchultúrtha ar chumas leanaí dearcaí dearfacha a chothú agus meas a bheith acu ar dhifríochtaí cultúrtha. Cuideoidh scoileanna a léiríonn agus a dhaingníonn éagsúlacht cultúrtha, eitneachais agus cúlra creidimh le leanaí ó mhionlaigh eitneacha ionas go mbraithfidh siad go bhfuil fiúntas ag baint leo, go nglactar leo agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.

I gcomhthéacs pobail Éireannaigh atá ag athrú tá sé tábhachtach go mbeadh polasaithe agus nósanna imeachta bunaithe ag gach scoil a léiríonn léargas idirchultúr. Léiríonn na treoirlínte seo deachleachtas is féidir a fhorbairt agus a leathnú ag scoileanna aonair. Tá áthas orm na moltaí atá sa cháipéis seo a chur chun cinn agus comhghairdeas a dhéanamh le gach duine a raibh baint acu lena gcur ar fáil.

John Carr

Introduction



The increase in non-nationals arriving in Ireland seeking job opportunities or here as refugees or asylum seekers has given rise to much discussion and questioning on the issue of racism in Ireland. Teachers are among those who are conscious of the need to challenge racist attitudes and practices. They recognise that schools play a very important role in forming positive attitudes in children to people of different cultural, religious and ethnic backgrounds or skin colour. In particular, teachers are aware of the need to develop and implement anti-racist policies and practices and to promote interculturalism in schools.

Intercultural education is about respecting cultural difference and promoting anti-racism, it is not simply the knowledge of a variety of cultures. It aims to counter misconceptions and negative stereotyping of different cultures, religions or nationalities and seeks to develop an appreciation of other cultures in the context of a critical appreciation of local/Irish cultures. Intercultural education celebrates the positive aspects to cultural diversity as well as drawing attention to the power differences between groups and societies. The aims of intercultural education are enshrined in the Revised Curriculum.

The INTO promotes the principle of equality in all aspects of education and supports the concept of equal access to full education for all children. In line with these objectives, and a Congress motion, the INTO has drawn up guidelines to schools on best practice for the equal participation and outcomes in education of children of ethnic minorities, including Travellers.

The guidelines seek to support the development of inclusive strategies and enriching intercultural policies and practices in schools. They recognise that all schools have a responsibility to promote interculturalism and counter racism regardless of the ethnic profile of the school community. All children, not just children from ethnic minority groups, will benefit from an intercultural education and be better prepared for the intercultural environment in which they live. Schools are already implementing many of the policies and strategies outlined in the guidelines. However, it is important to ensure that racism does not enter a void where there is not a well thought out policy that ethnic origin, culture, colour is irrelevant to people's intrinsic worth.

The guidelines follow the format of an introductory section and a related checklist for each topic. The checklist will act as an affirmation of what is already taking place in schools and, perhaps, a prompt for further action. The topics include Enrolment Policies; Inclusive Strategies for Parents; Whole School Guidelines; Classroom Guidelines; Bilingual Learners; Bilingual Learners in the Classroom; Dealing with Racist Incidents; Ensuring Success.

Suggested Policy Statement

All children have an equal right to education. In order to fulfil this right, differences will be respected and valued in our school. Our school will be pro-active in challenging racism.

Réamhrá



Tá an méadú ar líon na neamhnáisiúnaigh ag teacht go hÉirinn mar theifigh, mar lucht lorgtha tearmainn nó mar oibrithe ag lorg deiseanna oibre ina chúis le go leor plé ar cheist an chiníochais in Éirinn, agus ina chúis le ceistiú a dhéanamh ar an ábhar. Tá múinteoirí ina measc sin a thugann faoi deara an gá atá le dúshlán a thabhairt do dhearcadh agus do chleachtais chiníocha. Aithníonn siad go bhfuil ról antábachtach ag na scoileanna i ndearcadh deimhneach a chothú i leanaí maidir le daoine a bhfuil cúlraí difriúla cultúir, reiligiúnacha agus eitneacha acu agus i leith daoine a bhfuil dath difriúil craicinn orthu. Is léir do mhúinteoirí, go háirithe, an gá atá ann le polasaithe agus cleachtais frithchiníocha a fheidhmiú agus le hidirchultúrachas a chur chun cinn sna scoileanna.

Baineann oideachas idirchultúrtha le meas a chothú ar dhifríocht cultúir agus frithchiníochas a chur chun cinn, ní eolas ar éagsúlacht cultúr amháin atá i gceist in oideachas idirchultúrtha. Tá sé mar aidhm aige cur i gcoinne míthuiscintí agus buansamhlú diúltacha ar chultúir, reiligiúin nó náisiúntachtaí difriúla agus tá sé ag iarraidh léirithuisint ar chultúir eile a a fhorbairt i gcomhthéacs léirithuisint chriticiúil ar chultúir na hÉireann / ar chultúir áitiúla. Ceiliúrann oideachas idirchultúrtha na gnéithe deimhneacha den éagsúlacht chultúrtha chomh maith le haird a tharraingt ar na difríochtaí cumhachta idir grúpaí agus sochaithe. Tá aidhmeanna an oideachais idirchultúrtha cumhdaithe sa Churaclam Athbhreithnithe.

Cuireann CMÉ prionsabal an chomhionannais chun cinn i ngach gné den oideachas agus tacaíonn sé le coincheap na rochtana comhionann ar oideachas iomlán do na leanaí ar fad. Ar aon dul leis na cuspóirí sin, agus le rún Comhdhála, tá treoirlínte do scoileanna dréachtaithe ag CMÉ ar an sár-chleachtas do thortha agus rannpháirtíocht chomhionann in oideachas leanaí mhionphobail eitneacha, an Lucht Siúil san áireamh.

Déanann na treoirlínte iarracht tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt straitéisí uilechuimsitheacha agus do pholasaithe agus cleachtais idirchultúrtha a shaihbhriú i scoileanna. Aithníonn siad go bhfuil freagracht ar gach scoil idirchultúrachas a chur chun cinn agus cur i gcoinne an chiníochais d'ainneoin próifíl eitneach phobal na scoile. Bainfidh na leanaí ar fad, agus ní leanaí ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh amháin, sochar as oideachas idirchultúrtha agus beidh siad ullmhaithe níos fearr don timpeallacht idirchultúrtha ina maireann siad. Tá scoileanna, cheana féin, ag cur i bhfeidhm go leor de na polasaithe agus na straitéisí a bhfuil imlíne tugtha orthu sna treoirlínte. Tá sé tábhachtach a chinntiú, áfach, nach bhfágtar ciníochas gan malairt treorach, áit nach bhfuil polasaí dea-mhachnaithe nach mbaineann bunús eitneach, cultúr agus dath le luach intreach na ndaoine.

Tá na treoirlínte leagtha amach le réamhléiritheach agus seicliosta ábhartha do gach topaic. Gníomhóidh an seicliosta mar dheimhniú den rud atá ag tarlú cheana féin i scoileanna agus, b'fhéidir, mar nod do ghníomh breise. Áiríonn na topaicí Polasaithe Rollaithe; Straitéisí Uilechuimsitheacha; Treoirlínte don Scoil ina hiomláine; Treoirlínte don Seomra Ranga; Curaclam Uilechuimsitheach; Foghlaimeoirí Dátheangacha; Déileáil le Tarluithe Ciníocha; Rathúlacht a Chinntiú.

Ráiteas Polasaí Molta

Tá ceart comhionann ag gach leanbh ar oideachas. Ionas go gcomhlíonfar an ceart sin, caithfear meas agus luach a bheith ar dhifríochtaí inár scoil. Beidh ár scoil forghníomhach i ndúshlán a thabhairt don chiníochas.

Enrolment policy



It is important to ensure that the school's admission policy is clearly stated and adheres to the provisions of the Education Act, *The Rules for National Schools* and procedures recommended by the CPSMA, Church of Ireland Board of Education, Educate Together and INTO. The Education Act requires schools to "promote equality of access to and participation in education" and acknowledges "the rights of parents to send their child to a school of their choice." A policy of inclusiveness and respect for the diversity of values, beliefs, traditions, languages and ways of life in society should underpin all school enrolment policies. The enrolment procedure should be the same for all with a common enrolment form.

The first meeting with parents is critical both to address the concerns of parents anxious as to whether the school has a welcoming and inclusive ethos and for the provision of essential information on all aspects of the school. If possible, try to assist non-English speakers to find an interpreter of their own choice for initial meetings. Issues which are important in relation to children's needs, but which may not be answered until a mutual relationship of trust has been established, include the circumstances under which the children's family has come to Ireland, their quality of life since arriving in Ireland, their previous experience of education and whether they have special needs – medical, psychological, educational.

Many newly arrived children do not speak English. It may seem like a good idea to place them with a younger age group in order to give them an opportunity to catch up, however, it is much more beneficial for the child to be placed in an age-appropriate class.

If there are other children, of the same age, whose first language is that of the new pupil it would be ideal to place them in the one class.

It is also recommended, where possible, that correspondence be sent to parents in the appropriate language. French is often the second language for many non-nationals and once a letter e.g. a school closure notice is drafted it may need very minor changes for future usage.

Checklist

- Is the first encounter of parents and children with the school welcoming? Can we make it more welcoming?
- Is our school's enrolment form inclusive and the same for all children? Does it refer to ethnicity, first language, religion, health, country of origin?
- Is the Traveller child's right to enrol and fully participate in our school upheld?
- Are we sure that parents, after their initial visit, have an adequate knowledge of all school procedures? If not how can we ensure that they will have?
- Are children placed in age-appropriate classes?
- If there are children in the school who speak the same language as the new pupil will they have opportunities to meet? Would it be possible for them to be in the same class?
- Is it possible to send correspondence to parents in the appropriate language?

Polasáí rollaithe



Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn polasáí iontrála daltaí sna scoileanna luaite go soiléir agus go gclóíonn sé le forálacha an Achta Oideachais, *Na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta* agus na nósanna imeachta arna moladh ag an CPSMA, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Educate Together agus CMÉ. Éilíonn an t-Acht Oideachais ar scoileanna “comhionannas rochtana ar an oideachas agus comhionannas rannpháirtíochta san oideachas a chur chun cinn” agus dearbhaíonn sé “an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí”. Ba chóir go mbeadh polasáí uilechuimsitheachta agus measa d’éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiún, teangacha agus slite maireachtála sa tsochaí mar thaca le gach polasáí rollaithe scoile. Ba chóir go mbeadh an nós imeachta rollaithe mar a chéile do gach duine agus go n-úsádfaidh an foirm rollaithe céanna do chách.

Tá an chéad chruinniú le tuismitheoirí criticiúil chun aghaidh a thabhairt ar rudaí a bhíonn ag déanamh inní do thuismitheoirí a bhíonn míshuaimhneach maidir le héiteas fáiltitheach agus uilechuimsitheach a bheith ag an scoil nó gan a bheith, agus maidir le soláthar eolais riachtanaigh ar gach gné den scoil. Más indéanta sin, déan iarracht cabhrú le daoine nach cainteoirí Béarla iad teangaire dá rogha féin a fháil do chruinnithe tosaigh. Áirítear ar cheisteanna a bhíonn tábhachtach maidir le riachtanais leanaí, ach nach féidir a fhreagairt nó go mbíonn comhchaidreamh muiníne bunaithe, na cúinsí faoinar tháinig teaghlach an linbh go hÉirinn, a gcaighdeán saoil ó tháinig siad go hÉirinn, an taithí a bhí roimhe sin acu ar oideachas agus an bhfuil riachtanais speisialta – liachta, síceolaíoch, oideachais – acu nó nach bhfuil.

Bíonn go leor leanaí nach labhraíonn Béarla nuair a thagann siad go hÉirinn ar dtús. D’fhéadfadh an chosúlacht a bheith air gur smaoinemh maith é iad a chur isteach le haoisghrúpa níos óige leis an deis a thabhairt dóibh coinneáil suas ach tá sé i bhfad níos tairbhí don leanbh, áfach, é/í a chur i rang atá oiriúnach dá (h)aois. Má bhíonn leanaí eile ann, den aois chéanna, arb é a gcéad teanga an teanga a bhíonn ag an dalta nua, b’fhéarr iad a chur sa rang céanna.

Moltar chomh maith, nuair is indéanta sin, go seolfaí comhfhreagras chuig na tuismitheoirí sa teanga chuí. Is í an Fhraincis go minic an dara teanga do go leor neamhnáisiúnach agus má bhíonn litir dréachtaithe m.sh. fógra dúnta scoile, d’fhéadfadh sé gur beag mionathruithe a theastódh lena úsáid arís amach anseo.

Seicliosta

- An bhfuil an chéad teagmháil ag tuismitheoirí agus leanaí leis an scoil fáiltiúil? An féidir linn é a dhéanamh níos fáiltiúla?
- An bhfuil ár bhfoirm rollaithe scoile uilechuimsitheach agus mar a chéile do gach leanbh? An dtagraíonn sé d’eitneachas, don chéad teanga, do reiligiún, do shláinte, do thír dúchais?
- An gcomhlíontar ceart leanaí den Lucht Síúil rollú inár scoil agus a bheith go hiomlán rannpháirteach inti?
- An bhfuilimid cinnte go mbíonn dóthain eolais ag tuismitheoirí, i ndiaidh a gcéad chuairt, ar gach ceann de nósanna imeachta na scoile? Mura bhfuil, conas is féidir linn a chinntiú go mbeidh sé acu?
- An gcuirtear leanaí i ranganna a bhíonn oiriúnach dá n-aois?
- Má tá leanaí sa scoil a labhraíonn an teanga chéanna leis an dalta nua an mbeidh deiseanna acu casadh lena chéile? An mbeadh sé indéanta dóibh a bheith sa rang céanna?
- An féidir comhfhreagras a sheoladh chuig tuismitheoirí sa teanga chuí?

Inclusive strategies for parents



As with all parents it is essential to include and involve parents of ethnic minorities in their children's education. Child-rearing practices and expectations about children differ throughout the world. Open discussion between teacher and parents will help to prevent misunderstandings and will be of benefit to all concerned. For adults and children who are unfamiliar with Irish culture and bureaucracy it may be necessary to clearly explain the role of the school and in particular its independence from other government departments. For non-English speaking parents the school might be able to facilitate them in finding English language classes.

Parents can be actively encouraged to participate in school life and contribute to class activities. Obviously their engagement with the class must be thoroughly prepared for to ensure that it is a positive experience. Through story telling, song / dance, cookery demonstrations, by discussing the geography and history of their country parents can contribute to children learning, in a most practical way, of the riches and diversity of other cultures. It is important that such involvement and information about different cultures is presented as another normal expression of meeting human needs.

Parents can also engage in activities such as paired reading which will promote curricular development as well as improving inter-cultural relations. Involvement in the parents' association, sports training, school tours etc., are other means by which parents can participate in school activities.

It is very important to involve parents in the drawing up of the school's anti-racist policy and to keep them informed on all aspects with regard to its development. Expertise from local ethnic minority organisations, including local Travellers' development groups, can be drawn on in the development of anti-racist policies.

Checklist

- Are we ensuring that parents are involved in their child's learning?
- Are we encouraging all parents, including parents from ethnic minorities, to participate in in-school and out-of-school activities?
- Are we aware of the different expectations parents have for their children?
- Are we assisting parents from ethnic minorities to become involved in Parents' Association, Board of Management and other school bodies?
- Have members of ethnic minorities equal opportunity to be employed in our school?
- Are parents aware of our school's anti-racist policy and are they involved in supporting it?

Stráitéisí chun tuismitheoirí a chur san áireamh



Faoi mar atá leis na tuismitheoirí ar fad tá sé riachtanach tuismitheoirí mionlach eitneach a áireamh in oideachas a leanaí agus iad a bheith rannpháirteach ann. Bíonn difear idir cleachtais tógála clainne agus gach a mbítear as súil uathu ar fud an domhain. Cabhróidh plé oscailte idir an múinteoir agus na tuismitheoirí le míthuiscintí a chosc agus rachaidh sé chun sochair don uile dhuine lena mbaineann sé. I gcás dhaoine fásta agus leanaí nach bhfuil cur amach acu ar chultúr na hÉireann agus ar an maorlathas b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach ról na scoile, agus go háirithe a neamhspleáchas ó ranna eile rialtais, a mhíniú go soiléir dóibh. I gcás tuismitheoirí nach labhraíonn Béarla b'fhéidir go mbeadh ar chumas na scoile iad a éascú i ranganna Béarla a fháil.

Is féidir tuismitheoirí a spreagadh go gníomhach le bheith rannpháirteach i saol na scoile agus cur le gníomhaireachtaí ranga. Ar ndóigh caithfidh a mbaint leis an rang a bheith ullmhaithe go beacht lena chinntiú gur taithí dheimhneach é. Trí scéalaíocht, amhránaíocht / damhsa, taispeántais cócaireachta agus plé ar thíreolaíocht agus stair a dtíre is féidir le tuismitheoirí cur le foghlaim na leanaí, ar bhealach thar a bheith praiticiúil, maidir le saibhreas agus éagsúlacht chultúir eile. Tá sé tábhachtach go mbeadh rannpháirtíocht agus eolas den sórt sin faoi chultúir éagsúla curtha i láthair mar ghnáthléiriú ar fhreastal ar riachtanais an duine.

Is féidir le tuismitheoirí dul i mbun gníomhaíochtaí ar nós léitheoireacht phéirithe a chuirfidh forbairt an churaclaim chun cinn chomh maith le caidreamh idirchultúrtha a fheabhsú. Is bealaí eile iad rannpháirtíocht i gcumainn tuismitheoirí, traenáil spóirt, turais scoile srl. inar féidir le tuismitheoirí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí scoile.

Tá sé an-tábhachtach tuismitheoirí a rannpháirtiú i ndrúchtadh pholasaí frithch-iníochais na scoile agus iad a choinneáil ar an eolas maidir le gach gné i leith a fhorbhartha. Is féidir tarraingt ar saineolas ó eagraíochtaí áitiúla mionlaigh eitneach, grúpaí áitiúla forbartha Lucht Siúil san áireamh, i bhforbairt pholasaithe frithch-iníochais.

Seicliosta

- An bhfuilimid ag cinntiú go mbíonn tuismitheoirí páirteach i bhfoghlaim a linbh?
- An bhfuilimid ag spreagadh tuismitheoirí, lena n-áirítear tuismitheoirí ó mhionlaigh eitneacha, a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí inscoile agus lasmuigh den scoil?
- An bhfuilimid ar an eolas faoi na rudaí difriúla a mbíonn tuismitheoirí ag súil leo ón leanaí?
- An bhfuilimid ag cuidiú le tuismitheoirí ó mhionlaigh eitneacha a bheith páirteach i gCumainn Tuismitheoirí, i mBoird Bhainistíochta agus i gcomhlachtaí eile na scoile?
- An bhfuil comhionannas deiseanna ag daoine ó mhionlaigh eitneacha a bheith fostaithe inár scoileanna?
- An bhfuil tuismitheoirí ar an eolas faoi pholasaí frithch-iníoch ár scoile agus an bhfuil siad páirteach i dtacú leis?

Whole school guidelines

In creating an environment which values and affirms different cultures, and an environment where racism is not tolerated, a school is creating a safe space in both physical and psychological terms. In the case of children in a cultural or linguistic minority there will be additional issues for the school and teacher to take into account. Children may be experiencing culture shock or may be recovering from exposure to traumatic experiences. They may be striving to acquire understanding and fluency in English. It is important that children are encouraged to maintain a strong connection to their own culture and their own language while at the same time learning about Irish culture and language.

For all adults and children coming to a new culture there is a degree of culture shock. In children this is likely to manifest itself in behaviour that is out of character such as clinging and reluctance to separate, aggressive outbursts and/or anti-social behaviour, inability to concentrate, excessive timidity. The intensity and duration will depend on a variety of factors e.g. reasons for travelling, quality and availability of social supports, individual coping style etc. For most adults and children there is a normal adjustment process which can take up to six months. An unfamiliarity with English may exacerbate the experience of culture shock.

Children coming from countries where there is war, political conflict or unrest, may have been exposed to direct or indirect traumatic experience. There may be negative effects on their cognitive, emotional and social functioning which will need to be monitored. If they or their parents are within the asylum process this context of uncertainty may have a further negative impact. For these children it is of particular importance to actively facilitate a consistent, safe and welcoming environment with trusted adults. This will help in addressing some of the adverse effects of traumatic experience and a context of uncertainty.



Checklist

- Is the first language of all pupils valued in our school?
- Do children feel at ease to speak to each other in their home language?
- Are different cultures affirmed throughout the display areas of our school?
- Are festivals, both religious and secular, of different cultures within our school acknowledged and accommodated?
- Are there multi-lingual notices and signs in our school?
- Have we, in conjunction with the pupils, developed a school charter against racism, which is prominently displayed throughout the school?
- Do we consider at staff meetings the problems that children of ethnic minorities might face?

Treoirínite don scoil ina hiomláine



I gcruthú timpeallachta a thugann luach do chultúir dhifriúla, a dheimhníonn iad, agus i gcruthú timpeallachta nach gcuireann suas le ciníochas, bíonn scoil ag cruthú spás sábháilte i dtéarmaí fisiciúla agus síceolaíoch. I gcás leanaí i mionlach cultúrtha nó teanga beidh ceisteanna breise le cur san áireamh ag an scoil agus ag an múinteoir le cur san áireamh. D'fhéadfadh leanaí a bheith ag fulaingt ó shuaitheadh cultúir nó d'fhéadfaidís a bheith ag teacht chucu féin ó nochtadh ar eachtraí trámatacha. D'fhéadfaidís a bheith ag dul i ngleic le tuiscint agus líofacht sa Bhéarla a fháil. Tá sé tábhachtach go spreagtar leanaí le nasc láidir lena gcultúr agus a dteanga féin a choinneáil agus ag an am céanna a bheith ag foghlaim faoi chultúr agus faoi theanga na hÉireann.

I gcás dhaoine fásta agus leanaí a thagann chuig áit ina bhfuil cultúr nua ann bíonn méid áirithe de shuaitheadh cultúir ann. Chomh fada agus a bhaineann le leanaí is é is dóichí go mbíonn sé sin le feiceáil in iompar nach dtagann le tréithe an linbh cosúil le fanacht go dlúth lena chéile agus drogall deighilt óna chéile, rachtanna bagracha agus/nó iompar frithshóisialta, éagumas díriú isteach ar an obair, cúthaileacht iomarcach. Braithfidh déine agus tréimhse an iompar sin ar éagsúlacht fachtóirí m.sh. cúiseanna le taisteal, ardchaighdeán na dtacaíochtaí sóisialacha, agus an fáil atá orthu, stíl chóipeála aonair srl. D'fhormhór na ndaoine fásta agus na leanaí bíonn gnáth-phróiseas dul i dtaithe ann a d'fhéadfadh maireachtáil suas le sé mhí. D'fhéadfadh aineolas ar an mBéarla eachtra an tsuaite cultúir a ghéarú.

D'fhéadfadh sé go mbeadh leanaí a thagann ó thíortha ina bhfuil cogadh, coimhlint nó corraíl pholaitiúil ann, a bheith gan caomhnú ó eachtraí trámatacha go díreach nó go neamhdhíreach. De bharr sin d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith ar a bhfeidhmiú cognaíoch, mothúcháin agus sóisialach a gcaithfear monatóireacht a dhéanamh orthu. Má bhíonn siad féin nó a dtuismitheoirí laistigh den phróiseas tearmain d'fhéadfadh an comhthéacs sin tionchar diúltach breise a bheith aige orthu. Tá tábhacht ar leith do na leanaí sin timpeallacht chomhsheasmhach, shábháilte agus fháiltithe le duine fásta inmhuiníne a éascú go gníomhach. Cabróidh sé sin le aghaidh a thabhairt ar chuid d'éifeachtaí dochracha na n-eachtraí trámatacha agus ar an neamhchinnteacht.

Seicliosta

- An dtugtar luach do chéad teanga na ndaltaí ar fad inár scoil?
- An mothaíonn na leanaí ar a gcompond labhairt lena chéile ina dteanga baile?
- An bhfuil cultúir dhifriúla deimhnithe ar fud na scoile?
- An bhfuil glacadh le féilte, idir reiligiúnacha agus thuata, na gcultúr difriúil laistigh dár scoil, agus an ndéantar socrúithe ina leith?
- An bhfuil fógraí agus comharthaí ilteangacha inár scoil?
- An bhfuil, i gcomhar lenár ndaltaí, cairt scoile i gcoinne an chiníochais forbartha againn, agus an bhfuil sí ar taispeáint go feiceálach ar fud na scoile?
- An mbreithnimid ag cruinnithe foirne na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith roimh leanaí mionlach eitneach?

Classroom guidelines

Pupils will learn more about interculturalism from teachers' behaviour, attitudes and words than from a lesson on specific ethnic groups or eating a variety of foods at lunch time.

The ideal is to have a classroom environment in which cultural differences can be explored and are respected, where pupils can learn from each other, and where cooperative learning activities are employed across the curriculum. Co-operative activities promote inclusion and encourage a sense of belonging. An inclusive classroom environment supports children to develop a positive self-concept especially children who are most affected by racism.

Children from ethnic minority backgrounds, including Travellers, are not ambassadors or representatives of their country of origin or of their minority group. When providing them with opportunities to speak with pride about their community or identity bear in mind that they may not wish to be singled out.



Checklist

- Is the first language of all pupils valued in our school?

In the classroom:

- are we enabling children of ethnic minorities to have a sense of belonging?
- are we ensuring that children of ethnic minorities are involved in all activities?
- are they listened to with respect?
- do we encourage children of ethnic minorities to contribute to the learning experience of their fellow pupils by sharing their own culture and life experiences if they so wish?
- are we providing them with sufficient opportunities for meaningful interaction e.g. collaborative work, partnership work where they can mutually support and learn with others?
- are we alert for signs of rejection/exclusion? Do we know what steps to take to address it?

Treoirínte don seomra ranga



